**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

**2023/2066(INI)**

28.9.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

ar neamhionannais a laghdú agus uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn le linn géarchéimeanna do leanaí agus dá dteaghlaigh
(2023/2066(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Ewa Kopacz

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á thabhairt faoi deara nach mbíonn géarchéimeanna inscne-neodrach, gur géaraíodh ar neamhionannais shóisialta agus inscne ar fud an Aontais de dheasca roinnt géarchéimeanna as a chéile amhail tionchar phaindéim COVID-19, an cogadh atá á fhearadh ar an hÚcráin, tubaistí a bhaineann leis an athrú aeráide agus an méadú atá ag teacht faoi láthair ar chostais mhaireachtála agus fuinnimh, agus go bhfuil tionchar diúltach tar éis a bheith acu sin ar leanaí agus ar a dteaghlaigh ó thaobh dálaí maireachtála, ó thaobh ioncaim agus ó thaobh rochtain ar fhostaíocht, ar chúram sláinte, ar oideachas agus scileanna, ar thithíocht, ar earraí agus seirbhísí bunúsacha, agus ar sheirbhísí cúraim agus sóisialta, agus, dá bhrí sin, ó thaobh a bhfolláine ginearálta de;

2. á chur in iúl gurb é a tuairim go raibh de thoradh ar bhearta déine (lena n-áirítear ciorrú suntasach ar thacaíocht shóisialta do leanaí agus do theaghlaigh, méadú ar an dífhostaíocht, ollúsáid fostaíochta forbhásaí agus méadú ar chánacha) agus ar chiorruithe buiséid mar fhreagairt ar ghéarchéim airgeadais 2008-2013 gur méadaíodh neamhionannais agus go raibh ról acu i meath dhálaí maireachtála leanaí;

3. á thabhairt chun suntais go bhfuil an ghéarchéim maidir le costas maireachtála atá ann faoi láthair tar éis géarbhagairt a dhéanamh ar shlite beatha, sláinte agus folláine na mban, agus an baol ann dá chionn sin nach mbeidh siad féin ná a dteaghlaigh in ann teacht ar thithíocht, ag cur teorainn lena gcumhacht cheannaigh agus lena gcumas bia a sholáthar agus ag méadú na bochtaineachta fuinnimh, an eisiaimh shóisialta agus neamhionannais shóisialta; á thabhairt chun suntais go bhfulaingíonn mná agus leanaí a bhfuil idirdhealú trasnach orthu bacainní breise maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí sóisialta bunúsacha; á chur i bhfáth nach mór aird ar leith a thabhairt ar dhul i ngleic le héifeachtaí claontachtaí agus steiréitíopaí leanúnacha maidir le rochtain a fháil ar na seirbhísí sin agus maidir le haghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí a bhíonn ag bochtaineacht tuismitheoirí, as a n-eascraíonn bochtaineacht leanaí; á chur i bhfáth go gcuirtear feabhas freisin ar dhálaí maireachtála a gcuid leanaí de thoradh infheistiú i mbearta chun tacú le mná; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, go mbíonn baol breise bochtaineachta de dheasca géarchéime ann ar thuismitheoirí aonair agus gur dóchúla go gcuirfidh siad ar aghaidh í ó ghlúin go glúin, agus gur mná iad na cinn teaghlaigh i gcás 85 % de na teaghlaigh aontuismitheora; á iarraidh ar na Ballstáit tacú le bearta lena ndéantar faireachán ar phraghsanna fuinnimh, iompair agus earraí riachtanacha eile chun laghdú a chur ar thionchar an mhéadaithe ar an gcostas maireachtála, go háirithe ar mhná, ar leanaí agus ar a dteaghlaigh;

4. á mheabhrú go bhfuil paindéim COVID-19 tar éis dúshláin a chruthú do leanaí, go háirithe dóibh siúd atá i reachta leochaileacha, de dheasca gur cuireadh isteach ar a ngnáthaimh laethúla agus ar a naisc shóisialta agus toisc gur ghéaraigh sí na neamhionannais inscne atá ann cheana, go háirithe méadú ar obair chúraim gan íocaíocht agus éagothroime oibre is saoil, agus go raibh ualach dúbailte ar a lán ban, a

mbíonn sealanna oibre níos faide le déanamh acu ag an obair agus cúram neamhfhoirmiúil breise le déanamh acu sa bhaile[1]; á chur i bhfios gurb amhlaidh, le linn géarchéimeanna, a dhéantar difear do mhná, iad siúd sa mhargadh saothair go háirithe, go díréireach mar gheall ar a gcomhthéacs socheacnamaíoch, mar a tharla le linn ghéarchéim COVID-19, nuair nach raibh 42 % de na mná idir 15-24 bliana d'aois, 34 % de na mná idir 25-39 mbliana d'aois agus 27-29 % díobh siúd idir 40-54 agus 55 bliana d'aois agus níos sine in ann tabhairt faoi ghníomhaíocht ghairmiúil íoctha mar ba mhian leo[2]; ag tabhairt dá haire go raibh cion díréireach den ualach ar mhná a bhí ag obair go cianda, toisc go raibh a saol níos deacra mar gur ghá a gcuid oibre a dhéanamh in éineacht le cúram leanaí agus cúraimí tí; á chur in iúl gurb é a tuairim go raibh tionchar ag iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 ar na rátaí dífhostaíochta sna Ballstáit, i gcás na mban go háirithe; á chur in iúl gurb é a tuairim, dá bhrí sin, gur den ríthábhacht é aghaidh a thabhairt ar ghné bhochtaineacht na mban ó thaobh an staid sin a láimhseáil agus ó thaobh réitigh a lorg; á thabhairt chun suntais go bhfuil géarchéimeanna amhail paindéim COVID-19 tar éis na neamhionannais atá ann cheana a ghéarú, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) nó go bhfuil siad ina gcúis le staid chriticiúil maidir le rochtain a fháil ar SRHR;

5. á thabhairt chun suntais go ndéanann an t-athrú aeráide difear díréireach do mhná a bhfuil cumas níos teoranta iontu freagairt do thubaistí aeráide, nádúrtha agus comhshaoil mar thoradh ar a rochtain éagothrom ar acmhainní, ar oideachas, ar dheiseanna fostaíochta, agus mar thoradh ar na noirm shóisialta agus chultúir atá i réim agus ar an idirdhealú trasnach ilchineálach atá os a gcomhair[3]; á chur i bhfios go bhfuil an ghéarchéim aeráide agus a tionchair ag cur leis na neamhionannais sin cheana féin agus go leanfaidh siad de sin a dhéanamh amach anseo;

6. ag tabhairt dá haire gur minic le linn géarchéime nach leor iarrachtaí chun sochaí atá comhionann go hiomlán a bhaint amach, lena n-áirítear beartais um chomhionannas inscne; á iarraidh ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do bheartais agus d'infheistíochtaí lena dtéitear i ngleic le héifeachtaí diúltacha na ngéarchéimeanna sin ar leanaí, ar mhná agus ar a dteaghlaigh, lena n-áirítear iad siúd lena n-áirithítear rochtain ar sheirbhísí cúraim, oideachais, sláinte nó tithíochta ar ardchaighdeán agus lena gcosnaítear íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá peirspictíocht chórasach inscne chun anailís a dhéanamh ar na fadhbanna sin agus ar na tionchair éagsúla a bhíonn acu agus chun teacht ar réitigh iomlánaíocha chothroma; ag tabhairt dá haire gur ann d'éifeachtaí socheacnamaíocha de dheasca phaindéim COVID-19 agus don mhéadú a tháinig ina dhiaidh sin ar gach cineál foréigin i leith na mban, mar a tuairiscíodh i dtuarascálacha éagsúla ó roinnt Ballstát le linn dhianghlasáil COVID-19 agus ina diaidh ar léiríodh iontu gur tháinig méadú, ar diol imní é, ar fhoréigean teaghlaigh agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean fisiciúil, síceolaíoch agus cibearfhoréigean; á chur i bhfios go ndéantar difear freisin do leanaí agus go bhfuil siad i mbaol freisin; á chur i bhfios go bhfuil baol ann go mbeidh daoine ina n-íospartaigh foréigin i roinnt catagóirí leochaileacha, amhail baniarrthóirí tearmainn agus an pobal

[1] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2022 i dtreo gníomhaíocht choiteann Eorpach ar chúram (IO C 47 7.2.2023, lch. 30).
[2] An tAonad um Fhaireachán ar an Dearcadh Poiblí de chuid Pharlaimint na hEorpa, 'Flais-Eorabharaiméadar 2022 — Mná i dtráth Covid-19', Márta 2022.
[3] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le tosaíochtaí AE don 66ú seisiún de Choimisiún NA ar Stádas na mBan (IO C 342, 6.9.2022, lch. 276).

LGBTQIA+; á chur i bhfáth gur gá dlús a chur leis na hacmhainní uile, idir acmhainní poiblí agus acmhainní príobháideacha, chun dul i ngleic le staideanna lena gcuirtear i mbaol leanaí, daoine óga, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus grúpaí tacaíochta atá i mbaol bochtaineachta; á iarraidh go ndéanfaí Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a neartú chun tosaíocht a thabhairt don chomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cistiú méadaithe le haghaidh gníomhaíochtaí atá dírithe ar chosc agus comhrac an fhoréigin inscnebhunaithe faoi shraith Daphne laistigh den chlár um shaoránaigh, um chomhionannas, um chearta agus um luachanna;

7. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, chun na neamhionannais sin a laghdú agus an uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn, gur den ríthábhacht é deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe, deimhin a dhéanamh de go mbeidh beartais agus seirbhísí fadtéarmacha ann lena gcuirtear chun cinn rochtain ar phoist chuibhiúla agus ar phá cothrom, deireadh a chur leis an mbearna phá agus phinsin, cosaint a thabhairt i gcoinne na n-ilchúiseanna atá leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta, éascaíocht a dhéanamh do chomhdheiseanna do thuismitheoirí filleadh ar an obair agus bearta maidir le cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, lena n-áirítear rochtain chothrom do chách ar shaoráidí cúraim leanaí agus cúraim fhadtéarmaigh atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán agus comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim sláinte, na bhfreagrachtaí baile agus na bhfreagrachtaí cúraim leanaí idir tuismitheoirí laistigh de theaghlaigh; á chur i bhfios go gcuireann oideachas luathóige, mar chuid de chúram leanaí ar ardchaighdeán agus gairmiúil, ní hamháin ar chumas tuismitheoirí a bheith ag obair, ach go dtéann sé chun tairbhe d'fhorbairt shóisialta agus shíceolaíoch an linbh freisin; á iarraidh ar na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh cumhdach sláinte uilíoch, mar atá sainithe ag EDS, a bhaint amach agus cúram réamhbhreithe agus iarbhreithe a chur ar fáil do gach uile bhean;

8. ag meabhrú a thábhachtaí atá sé freagrachtaí cúraim a chomhroinnt go cothrom sa bhaile, ós rud é gur féidir dá chionn sin ionadaíocht níos fearr a dhéanamh ar mhná a bhfuil dualgais chúraim orthu sa mhargadh saothair agus feabhas a chur ar a ndálaí maireachtála agus ar a gcuimsiú sóisialta; á thabhairt faoi deara go mbíonn de thoradh ar steiréitíopaí agus noirm inscne a bhaineann le comhroinnt na bhfreagrachtaí cúraim go ndíspreagtar fir chun páirt iomlán a ghlacadh sa tuismíocht, agus sa chúram trí chéile, agus go mbíonn de thoradh orthu freisin go ndéantar dochar do mhná agus dá bhfolláine agus go bhfuil siad míbhuntáisteach dá bhfás gairme[4]; ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh sé de cheart ag daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu socruithe solúbtha maidir le ham oibre ag an obair, amhail laghdú ar uaireanta oibre, fleisc-am agus teilea-obair, a iarraidh; á chur i bhfáth go bhfuil bearta chun cothromaíocht cheart oibre is saoil a bhaint amach tábhachtach chun a áirithiú go roinntear freagrachtaí cúraim idir mná agus fir go cothrom agus chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí ioncaim agus fostaíochta; ag tabhairt dá haire go mbraitheann baint amach na cothromaíochta oibre is saoil ar sheirbhísí cúraim ardcháilíochta a bheith ar fáil agus inrochtana;

9. á mheabhrú gurb amhlaidh, in AE-27 in 2021, a chuir 27.9 % de na mná idir 25 agus 49 mbliana d'aois in iúl gurb é an phríomhchúis nach raibh siad ag lorg poist go raibh siad

[4] An Coimisiún Eorpach, 'Staid na mban sa mhargadh saothair', ar féachadh air an 2 Deireadh Fómhair 2023.

ag tabhairt aire do leanaí nó daoine fásta a bhfuil cúram de dhíth orthu[5]; á chur i bhfios go mbeidh méadú ar fhostaíocht na mban ina rannchuidiú freisin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as daonra an Aontais a bheith ag dul in aois agus ó thaobh cobhsaíocht eacnamaíoch na mBallstát a fheabhsú; á mheabhrú go bhféadfadh bearna inscne i bpinsin agus difríochtaí arda i rátaí bochtaineachta i measc daoine scothaosta a bheith mar thoradh ar mhíchothromaíochtaí inscne sa chúram agus san fhostaíocht; ag tabhairt dá haire go mbíonn tionchar níos mó ag easpa rochtana ar an margadh saothair agus ag neamhionannais ioncaim ar theaghlaigh a bhfuil leanaí acu; ag tabhairt dá haire, cé gurb ionann an difríocht chéatadáin i ráta fostaíochta na bhfear agus na mban nach bhfuil leanaí acu agus 1 %, ina gcás siúd ag a bhfuil leanbh atá níos óige ná sé bliana d'aois, gurb ionann an ráta agus 21 % agus go méadaíonn sé go 37 % ina gcás siúd a bhfuil triúr leanaí acu[6]; á chur in iúl gurb é a tuairim go mbíonn baol breise bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (42.1 % i gcomparáid le 29.6 % in aonaid teaghlaigh ina bhfuil beirt daoine fásta agus triúr leanaí nó níos mó) ar theaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh ar máthair aonair an ceann teaghlaigh iontu go háirithe, agus go bhfuil baint aige sin le baineannú na bochtaineachta, le ró-ionadaíocht na mban in obair fhorbhásach agus pháirtaimseartha, leis an am díréireach a chaitheann mná in obair ar phá íseal, le bristeacha i ngairmeacha na mban chun aire a thabhairt do leanaí nó do bhaill teaghlaigh eile, agus leis an mbearna phá idir fir agus mná[7]; á chur i bhfáth, mar a leagtar amach sa reachtaíocht maidir le cothromaíocht oibre is saoil faoi Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a thábhachtaí atá an togra le haghaidh bearta breise le haghaidh cosaint ar idirdhealú agus ar dhífhostú do thuismitheoirí agus do chúramóirí; ag spreagadh úsáid tréimhsí saoire teaghlaigh atá cothrom ó thaobh inscne de agus socruithe solúbtha oibre;

10. á iarraidh ar na Ballstáit tacar cuimsitheach rialacha a bhunú lena gcuirfear toirmeasc ar an gcleachtas leanúnach ina bhfiafraítear de mhná i bpostagallaimh faoin bhféidearthacht go mbeidh siad ag iompar clainne nó an bhfuil siad ag iompar clainne tráth a gcuireann siad isteach ar an bpost; á chur i bhfios go láidir gur cineál ciaptha san ionad oibre é agus go ndiúltaíonn sí don bhrú a chuireann sé ar mháithreacha atá ag obair;

11. á thabhairt chun suntais go bhfuil rannchuidiú tábhachtach á dhéanamh ag na mná i réimsí na fostaíochta, an chultúir, an oideachais, na heolaíochta agus an taighde; ag aithint an mórmheathlaithe ar dhálaí maireachtála na mban atá fostaithe sna healaíona agus sa chultúr agus i micreaghnóthais agus i ngnólachtaí beaga talmhaíochta agus tuaithe de bharr easpa infheistíochta agus tacaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus cultúir;

12. á chur in iúl gurb é a tuairim gur mó an baol bochtaineachta atá ar mhná ná mar atá ar fhir agus nach amhlaidh amháin atá sé tábhachtach dul i ngleic le bochtaineacht na

[5] Eurostat, tábla bunachair sonraí LFSA_IGAR, *Inactive population not seeking employment by sex, age and main reason – Care of adults with disabilities or children and other family or personal reasons – from 15 to 64 years old* [Daonra neamhghníomhach nach bhfuil ag lorg fostaíochta de réir gnéis, aoise agus na príomhchúise – Cúram do dhaoine fásta faoi mhíchumas nó do leanaí agus cúiseanna eile teaghlaigh nó pearsanta – ó 15 go 64 bliana d'aois], a nuashonraíodh go deireanach an 14 Meán Fómhair 2023.
[6] Eurofound, *Living and working in Europe 2021* [Maireachtáil agus ag obair san Eoraip, 2021], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 9 Bealtaine 2022, lch. 73.
[7] Eurostat, *1 in 4 children in the EU at risk of poverty or social exclusion* [Baol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar dhuine as gach ceathrar leanbh san Aontas], 28 Deireadh Fómhair 2021.

mban ar mhaithe leis féin, ach freisin mar gheall ar a ríthábhachtaí atá sé sna hiarrachtaí chun bochtaineacht leanaí a laghdú; á mheabhrú go ndéanann an bhochtaineacht mhíosta, lena dtagraítear do rochtain theoranta ar tháirgí sláintíochta, difear do thart ar dhuine amháin as gach deichniúr ban san Eoraip; á chur i bhfáth gurb é an toradh a bhíonn ar náire, ar phian mhíosta neamhchóireáilte agus ar thraidisiúin idirdhealaitheacha ná luathfhágáil scoile agus rátaí tinrimh níos ísle do chailíní ar scoil agus do mhná ag an obair; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tuiscint ar na naisc idir sláinteachas míosta agus galracht máthar, mortlaíocht agus neamhthorthúlacht, STI/HIV agus ailse cheirbheacs ríthábhachtach chun deireadh a chur le neamhionannais sláinte agus gur féidir leis tacú le luathbhrath agus le beatha daoine a shábháil; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, in 2021, a bhí baol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar 24.4 % de na leanaí (faoi bhun 18 mbliana d'aois) san Aontas (19.8 milliún); ag tabhairt dá haire gur mó ná 30 % an figiúr sin i roinnt tíortha; á chur in iúl gurb é a tuairim gur deacra ag leanaí a fhásann aníos sa bhochtaineacht rath a bhaint amach ar scoil, fanacht sláintiúil agus a ngealladh iomlán a fhíorú tráth níos faide anonn sa saol; ag tabhairt dá haire go mbíonn an-tairbhe le baint ag leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste as infheistíocht shóisialta i gcumais leanaí aonair le linn na luathbhlianta; á chur in iúl gurb é a tuairim gurb amhlaidh, faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, a bhfuil Ballstáit uile an Aontais ina sínitheoirí leis, nach mór an ceart teacht a bheith acu ar oideachas, ar sheirbhísí cúraim sláinte, ar thithíocht agus cosaint, ar fhóillíocht agus am saor agus ar aiste chothrom bhia a thabhairt do gach leanbh, chomh maith leis an gceart páirt a ghlacadh i gcinntí lena ndéantar difear dóibh agus an ceart cúram a fháil i dtimpeallacht teaghlaigh;

13. á chur in iúl gur geal léi straitéis chúraim an Aontais agus an t-athbhreithniú ar spriocanna Barcelona maidir le hoideachas agus cúram luathóige mar phríomhspreagthaí do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair; á chur i bhfios a thábhachtaí atá oideachas agus cúram luathóige ardcháilíochta den sórt sin chun neamhionannais agus míbhuntáistí sóisialta do leanaí agus dá dteaghlaigh a chomhrac[8]; á iarraidh go mbeadh tacar beartas, clár agus moltaí ann, chomh maith le hinfheistíocht ar an leibhéal Eorpach, chun aitheantas a thabhairt don chúram mar cheart agus mar chnámh droma ár sochaí; á chur i bhfáth gur cheart dóibh sin go léir cur chuige comhtháite, iomlánaíoch agus fadsaoil a ghlacadh maidir le cúram, tarraingteacht na hoibre in earnáil an chúraim do mhná agus d'fhir araon a mhéadú agus dul i ngleic le hidirdhealú agus le neamhionannais inscne san earnáil; á chur i bhfáth, áfach, nach leor cáilíocht agus méid an chúraim fhadtéarmaigh agus an chúraim leanaí atá ann cheana, don luathóige go háirithe;

14. ag meabhrú a thábhachtaí atá spriocanna Barcelona le haghaidh 2030, a n-áirítear ar a gcuid spriocanna gur cheart do 50 % ar a laghad de na leanaí faoi bhun trí bliana d'aois agus do 96 % ar a laghad de na leanaí idir trí bliana d'aois agus an aois tosaigh don bhunoideachas éigeantach a bheith rannpháirteach in oideachas agus cúram luathóige; á chur i bhfáth go bhfuil ról lárnach ag na mná i réimsí bunriachtanacha den fhearann poiblí, amhail leas sóisialta, cúram, oideachas agus sláinte, agus an geilleagar agus an tsochaí á gcoinneáil le chéile ag gach aon cheann acu sin, ach iad, go minic, ar na cinn

[8] In 2021 in AE-27, thug 27.9 % de na mná idir 25 agus 49 mbliana d'aois lasmuigh den lucht saothair le fios gurbh é cúram leanaí nó daoine fásta a bhfuil cúram de dhíth orthu an phríomhchúis nár lorg siad fostaíocht (Suirbhé Eurostat ar an bhFórsa Saothair, 2021).

is túisce a ndéantar ciorruithe orthu i ngéarchéim; á chur in iúl gurb é a tuairim go bhfuil tionchar cinntitheach ag oideachas agus cúram luathóige ar fhorbairt chognaíoch leanaí, ós rud é go bhforbraíonn siad cumais bhunriachtanacha sna chéad chúig bliana den saol agus go leagtar síos le rochtain ar oideachas ardcháilíochta an bhunchloch don rath níos déanaí sa saol ó thaobh oideachais, folláine, infhostaitheachta agus lánpháirtíocht shóisialta de, agus go bhfuil tionchar suntasach aici ar an bhféinmheas; á chur in iúl gurb é a tuairim go bhfuil ról tábhachtach ag naíolanna agus ag an oideachas réamhscoile ó thaobh cúiteamh a dhéanamh i leibhéal socheacnamaíoch leanaí atá i mbaol bochtaineachta agus gur gné iad lena gcuirtear chun cinn lánpháirtiú tuismitheoirí, máithreacha go háirithe, sa mhargadh saothair; á chur in iúl gurb é a tuairim go mbíonn de thoradh ar oideachas ionchuimsitheach go ndírítear ar na daltaí uile trí luachanna foghlama agus cultúir agus pobail a threisiú; ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú tagtha ar a difríochtaí oideachais i measc leanaí ó chúlraí éagsúla oideachais; á mholadh go ráthódh na Ballstáit rochtain uilíoch ar oideachas ionchuimsitheach ardcháilíochta do gach leanbh, bíodh sé foirmiúil nó neamhfhoirmiúil agus bíodh sé poiblí nó príobháideach, ag gach aois, chun a bhforbairt mhothúchánach, shóisialta, chognaíoch agus fhisiciúil a chothú, chun a bhfolláine a chosaint, agus chun a áirithiú gur féidir le gach leanbh tairbhe a bhaint as oideachas ionchuimsitheach ardcháilíochta agus, ar an gcaoi sin, tionchar an chórais oideachais a uasmhéadú a mhéid a bhaineann le comhionannas deiseanna a éileamh agus timthriallta eisiaimh a bhriseadh;

15. á mholadh go soláthródh na Ballstáit an tacaíocht is gá chun an ceart chun cultúir, spóirt agus fóillíochta agus rochtain ar spás oscailte agus ar thimpeallacht shláintiúil a áirithiú do gach leanbh, agus béim á leagan ar rochtain agus cáilíocht chomhionann a áirithiú do leanaí i mbochtaineacht, do leanaí i gceantair iargúlta, do leanaí faoi mhíchumas, do leanaí ar de mhionlaigh náisiúnta, eitneacha, reiligiúnacha, teanga agus imirceacha iad, do leanaí a ghluaiseann laistigh den Aontas beag beann ar a náisiúntacht agus leanaí atá fágtha ar gcúl; ag meabhrú gur ann don cheart chun ama shaoir agus chun páirt a ghlacadh i gcluichí agus i ngníomhaíochtaí áineasa, mar a leagtar síos i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh;

16. á chur i bhfáth go bhfuil tionchar dearfach ag aghaidh a thabhairt ar bhearnaí pá agus pinsin idir na hinscní ar laghdú na bochtaineachta agus ar an uilechuimsitheacht shóisialta agus go bhfuil sé bunriachtanach chun comhionannas inscne a bhaint amach; á chur i bhfáth go bhfuil seirbhísí cúraim leanaí, cúraim shóisialta agus teaghlaigh ardcháilíochta atá ar fáil go forleathan ríthábhachtach, ós rud é go bhfuil de thoradh ar a n-uireasa nó ar a n-inrochtaineacht theoranta go bhfuil mná ag laghdú nó ag tréigean a rannpháirtíochta sa mhargadh fostaíochta chun dualgais chúraim gan íocaíocht a chomhlíonadh; á iarraidh go ndéanfar an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá[9] a chur chun feidhme go huaillmhianach agus go ndéanfar bearta sonracha chun dul i ngleic le poist fhorbhásacha, bochtaineacht lucht oibre, leithscaradh cothrománach agus ingearach an mhargaidh saothair agus tearcluacháil na hoibre a dhéanann mná den chuid is mó, ar cheart athmheasúnú a dhéanamh uirthi agus luach saothair cothrom a thabhairt ina leith;

17. ag tabhairt dá haire go mbíonn ról tábhachtach ag teaghlaigh i ngéarchéimeanna; ag cur

[9] Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar luach comhionann idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus trí shásraí forfheidhmiúcháin (IO L 132, 17.5.2023, lch. 21).

i bhfios a thábhachtaí atá seirbhísí leordhóthanacha cúraim leanaí, cúraim shóisialta agus teaghlaigh do thuismitheoirí aonair, do mhná go háirithe, ós rud é go raibh tionchar díréireach ag géarchéim COVID-19 ar mháithreacha aonair agus go mbíonn an baol ann gur ar a gcrannsan a thiteann riachtanais chúraim a ngaolta, rud a fhágann gur lú an fháil a bhíonn orthu le haghaidh gníomhaíochtaí gairmiúla[10]; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an Ráthaíocht do Leanaí a chur chun feidhme agus a neartú ar bhealach uaillmhianach chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh san Aontas, lena n-áirítear iad siúd i gceantair iargúlta, ar chothú sláintiúil, ar thithíocht leormhaith, ar chúram sláinte, ar oideachas, ar chúram agus ar ghníomhaíochtaí fóillíochta; ag meabhrú a thábhachtaí atá sé cearta leanaí a phríomhshruthú i mbeartais, gníomhaíochtaí agus cláir inmheánacha agus sheachtracha uile an Aontais, idir reachtach agus neamhreachtach, lena bhféadfaí difear a dhéanamh go díreach nó go hindíreach do leanaí, agus comhsheasmhacht agus comhleanúnachas á n-áirithiú; ag cur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an Moladh maidir le Ráthaíocht do Leanaí a chur chun feidhme[11];

18. á chur i bhfáth gurb amhlaidh, san Eoraip, atá leanbh amháin as gach cúigear ina íospartach d'fhoréigean gnéasach de chineál éigin, go dtarlaíonn an chuid is mó den mhí-úsáid laistigh de chreat hipitéiseach muiníne agus gurb ionann leanaí agus thart ar an gceathrú cuid d'íospartaigh na gáinneála, ar cailíní a bhformhór agus a thagann chun bheith, den chuid is mó, ina n-íospartaigh de theacht i dtír gnéasach[12]; ag tabhairt dá haire go mbíonn ar bhaniarrthóirí óga tearmainn dul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe; ag cáineadh gach cineál foréigin, mí-úsáide, dúshaothraithe agus faillí i gcoinne leanaí; ag tathant ar na Ballstáit córais chomhtháite choisc agus cosanta leanaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn foréigean, mí-úsáid, dúshaothrú agus faillí a dhíothú, le rannpháirtíocht scoileanna agus córas sláinte, lena n-áirítear seirbhísí poiblí, chun dálaí mearfhreagartha a chruthú, chun timpeallacht chosantach a chur ar fáil agus chun cuidiú le cumhachtú leanaí; á chur i bhfáth go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh cosaint a fháil ar mhí-úsáid, ar fhoréigean agus ar fhaillí;

19. á chur i bhfios a thábhachtaí agus atá sé oideachas agus cumhachtú a bheith ar fáil do chailíní agus do mhná mar thoisc ó thaobh neamhionannais idir na hinscní agus eisiamh sóisialta a laghdú; á chur i bhfáth, ina leith sin, a thábhachtaí atá cláir scoile ina mbreathnaítear go criticiúil ar steiréitíopaí agus ar an tionchar diúltach a bhíonn acu ar chailíní agus ar mhná, agus freisin ar bhuachaillí agus ar fhir, agus é mar aidhm acu iad a bhriseadh síos; á mholadh go n-áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag gach leanbh ar oideachas ionchuimsitheach ardcháilíochta ag gach aois, bíodh sé foirmiúil nó neamhfhoirmiúil; ag cur béim ar an bhfíoras gur beart bunriachtanach é oideachas cuimsitheach gnéasachta do gach leanbh chun deireadh a chur le neamhionannais agus chun oibriú i dtreo sochaí atá saor ó fhoréigean, ós rud é go dtugtar dúshlán steiréitíopaí díobhálacha inscne leis agus go ndéantar éagsúlacht, neamhspleáchas colainne agus sláine fhisiceach agus intinne a chur chun cinn leis;

---

[10] Eurofound, *Economic and social inequalities in Europe in the aftermath of the Covid-19 pandemic* [Neamhionannais eacnamaíocha agus sóisialta san Eoraip i ndiaidh phaindéim COVID-19] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 24 Eanáir 2023.

[11] Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, (IO L 223, 22.6.2021, lch. 14).

[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 maidir le straitéis an Aontais i dtaca le cearta an linbh (COM(2021)0142).

20. á aithint go bhfuil ról ríthábhachtach ag scoileanna mar sholáthraithe béile laethúil a bhfuil cothú ann (i mórán cásanna, an t-aon bhéile amháin) agus mar thionscnóirí oideachais chothaithigh a théann lasmuigh dá mballaí; ag tathant ar na Ballstáit béile amháin ar a laghad atá saor in aisce agus ar ardchaighdeán a áirithiú ar gach leibhéal den oideachas éigeantach;

21. á mheas gur den ríthábhacht é go bhforbróidh na Ballstáit beartais lena dtugtar aghaidh ar leitheadúlacht an tsaothair leanaí san Aontas; ag cur béim, sa chiall sin, ar na moltaí ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair lena dtugtar chun suntais an gá atá le cosaint shóisialta a mhéadú do leanaí agus dá dteaghlaigh chun an bhochtaineacht agus an éiginnteacht lena mbuanaítear saothar leanaí a mhaolú; ag áirithiú go bhfuil breith gach linbh cláraithe ionas go bhfuil céannacht dhlíthiúil ag leanaí agus gur féidir leo a gcearta a theachtadh óna mbreith; ag cur chun cinn obair chuibhiúil lena soláthraítear pá cothrom, agus béim ar leith á leagan ar oibrithe sa gheilleagar neamhfhoirmiúil; ag cur chun cinn bealaí maireachtála tuaithe leordhóthanacha, lena n-áirítear trí thacú le héagsúlú eacnamaíoch, trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar agus i seirbhísí agus trí chosaint agus pleanáil barr a leathnú, go háirithe san fheirmeoireacht teaghlaigh, a leanann de bheith ag brath go páirteach ar an teaghlach ar fad chun cúram a dhéanamh de phróisis talmhaíochta; ag áirithiú go bhfuil reachtaíocht ann lena gcosnaítear leanaí, agus na hionstraimí stáit is gá chun iad a chur i bhfeidhm mar thaca léi; agus ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna inscne agus idirdhealaithe lena méadaítear an baol go dtarlódh saothar leanaí, go háirithe do chailíní, a bhaineann le hobair thí gan íocaíocht;

22. ag tabhairt dá haire go bhfuil leanaí a bhfuil cúlraí éagsúla acu, amhail imircigh, dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus leanaí gan doiciméid agus leanaí neamhthionlactha, i measc na leanaí is mó atá buailte ag an mbochtaineacht; ag tabhairt dá haire go bhfuil leanaí atá ina gcónaí i dteaghlaigh aontuismitheora nó i dteaghlaigh mhóra faoi mhíbhuntáiste, leanaí faoi mhíchumas agus leanaí ar de mhionlaigh eitneacha iad i mbaol bochtaineachta freisin[13]; á thabhairt chun suntais go bhfuil éagothromaíochtaí ann ó thaobh rochtain ar shláinte agus ar oideachas do na leanaí is boichte agus is leochailí; á chur i bhfáth go bhfuil leanaí Romacha agus líon measta 11 mhilliún leanbh faoi mhíchumas i measc na leanaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh rochtain ar oideachas ardcháilíochta; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, cé gur dóchúla go bhfágfaidh leanaí Romacha san Eoraip an scoil agus iad ar an mbunleibhéal nó ar an leibhéal meánscoile gan bunscileanna a bheith bainte amach acu, atá leanaí faoi mhíchumas eisiata fós ón scoil agus ón bhfoghlaim ardcháilíochta ar fad[14]; á chur i bhfáth gurb amhlaidh, de réir Innéacs Sláinte Domhanda na mBan, san Aontas le 12 mhí anuas, a fágadh thart ar 44 % de na mná uile gan tástáil a dhéanamh orthu i dtaobh aon cheann de cheithre ghalar chriticiúla na mban; ag tabhairt dá haire go gcuireann neamhionannas inscne bac ar mhná agus ar chailíní rochtain a fháil ar fhaisnéis sláinte agus ar sheirbhísí criticiúla; ag cur i bhfáth a thábhachtaí atá sé éagothromaíochtaí cúraim sláinte le haghaidh na mban a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do chearta leanaí sna straitéisí náisiúnta maidir leis na Romaigh agus a áirithiú go bhfuil rochtain chomhionann ag leanaí Romacha ar

[13] Save the Children, *Over 200,000 more children are at risk of poverty in the European Union: Save the Children report* [Tá breis agus 200,000 leanbh eile i mbaol bochtaineachta san Aontas Eorpach: Tuarascáil ó Save the Children], 7 Márta 2023.
[14] Oifig Réigiúnach UNICEF don Eoraip agus don Áise Láir, *Situation of Children in Europe and Central Asia* [Staid Leanaí san Eoraip agus san Áise Láir], Eanáir 2023.

sheirbhísí bunriachtanacha, agus béim ar leith á leagan ar oideachas agus cúram luathóige, ar bhunoideachas agus ar mheánoideachas, ar chúram sláinte, ar chothú agus ar thithíocht chuibhiúil; á thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, i gcás cailíní a bhfuil orthu dul i ngleic le cineálacha iomadúla idirdhealaithe, gur casta fós na bacainní ar rochtain a fháil ar a gcearta agus ar shárú na bochtaineachta; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, dá bharr sin, is dócha go ndéanfar neamhaird orthu i bpleananna chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais grúpaí leochaileacha; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá infheistíochtaí san oideachas príobháideach agus san oideachas poiblí araon lena n-áirithítear modhanna teagaisc spriocdhírithe agus cur chuige atá saincheaptha don duine aonair le haghaidh leanaí a bhaineann le grúpaí sóisialta níos leochailí, amhail teaghlaigh agus pobail atá faoi réir eisiaimh; á chur i bhfáth gur cheart go n-áireofaí leis an gcur chuige sin comhoibriú idir múinteoirí, speisialtóirí sóisialta agus oideachais, na teaghlaigh agus na pobail; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cearta leanaí a phríomhshruthú sa straitéis Eorpach um míchumas, 2020-2030 agus tacú le teaghlaigh, trí infheistíocht a dhéanamh i gcumhachtú leanaí agus a dteaghlach agus ina gceart chun maireachtála neamhspleáiche;

23. á mheabhrú go bhfuil neamhoird mheabhairshláinte ag gabháil do naoi milliún ógánach san Eoraip (idir 10 agus 19 mbliana d'aois) agus gur déanamh imní agus dúlagar atá i gceist le breis agus leath na gcásanna sin; á chur i bhfáth go mbíonn an anacair mheabhrach níos suntasaí i gcás na mban agus i gcás baill den phobal LGBTQIA+, de dheasca idirdhealú agus imeallú[15]; á chur i bhfáth freisin go bhfuil neamhoird mheabhairshláinte fairsing i measc leanaí gan tionlacan agus i measc imircigh ógánta, ós rud é go mbíonn tionchar suntasach ag na himthosca a mbíonn ar na leanaí sin dul i ngleic leo ar a meabhairshláinte; á thabhairt faoi deara go raibh de thoradh ar shrianta COVID-19 gur cuireadh srian mór ar dheiseanna agus idirghníomhaíochtaí sóisialta leanaí, rud ba chúis le suaitheadh forleathan agus méadú ar shiomptóim dhúlagair, go háirithe i gcás cailíní ógánta[16]; ag tabhairt dá haire go n-éascaíonn scoileanna rochtain ar thacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta; á mheabhrú gur leag UNICEF béim ar straitéisí cruthaithe, amhail cláir a chur chun feidhme chun feasacht a mhéadú agus chun scileanna chun déileáil le mothúcháin do dhéagóirí a neartú, seirbhísí comhairleoireachta meabhairshláinte a chomhtháthú san oideachas, oiliúint a chur ar mhúinteoirí agus ar bhaill foirne maidir le conas folláine na mac léinn a neartú, agus spásanna sábháilte a chruthú do leanaí chun a n-ábhair imní a phlé agus a chomhroinnt[17]; á chur i bhfáth gur gá do na Ballstáit cistiú leordhóthanach a leithdháileadh chun déileáil le fadhbanna meabhairshláinte agus síceasóisialta agus chun feabhas a chur ar an mbonneagar réigiúnach trí chlár CSE+ agus trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, lena n-áirítear cláir spriocdhírithe i gcomhair grúpaí leochaileacha;

24. ag tabhairt dá haire go bhfuil baint láidir ag neamhionannais sláinte i measc na mban le

[15] UNICEF, *The Mental Health Burden Affecting Europe's Children* [An tUalach Meabhairshláinte a Dhéanann Difear do Leanaí na hEorpa], 4 Deireadh Fómhair 2021.
[16] Tuarascáil ó Save the Children dar teideal *Guaranteeing Children's Future: How COVID-19, cost-of-living and climate crises affect children in poverty and what governments in Europe need to do* [Ráthaíocht a dhéanamh ar Thodhchaí na hÓige: Éifeacht COVID-19, géarchéimeanna costais maireachtála agus aeráide ar leanaí atá ag maireachtáil i mbochtaineacht agus cad is gá do rialtais san Eoraip a dhéanamh], Márta 2023.
[17] UNICEF, *The Mental Health Burden Affecting Europe's Children* [An tUalach Meabhairshláinte a Dhéanann Difear do Leanaí na hEorpa], 4 Deireadh Fómhair 2021.

stádas socheacnamaíoch agus le réigiún geografach agus gur den ríthábhacht é na tosca sóisialta agus eacnamaíocha lena múnlaítear saol agus sláinte na mban ag céimeanna éagsúla den saol a chur san áireamh; á chur i bhfios go bhfuil easpa seirbhísí cúraim ardcháilíochta, inrochtana, atá ar fáil agus inacmhainne i ngach Ballstát, lena n-áirítear i gceantair thuaithe; á chur i bhfios gurb amhlaidh, de dheasca raon leathan bacainní agus srianta dlíthiúla, airgeadais, praiticiúla, sóisialta agus cultúir, atá éagsúlachtaí móra in SRHR, lena n-áirítear ginmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil, laistigh de Bhallstáit an Aontais agus eatarthu; á mheabhrú gur réamhchoinníoll é SRHR don chomhionannas inscne;

25. á mheabhrú go bhfuil cónaí ar go leor dídeanaithe ban as an Úcráin atá ag teitheadh ón gcogadh foghach i dtíortha éagsúla de chuid an Aontais agus lasmuigh den Aontas san Eoraip agus go bhfuil riachtanais shonracha acu a bhaineann le cúram leanaí nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun a rochtain ar an margadh fostaíochta a éascú, agus freisin chun foghlaim teangacha agus ionchuimsiú sóisialta a gcuid leanaí a éascú; á thabhairt chun suntais go raibh de thoradh ar an gcogadh san Úcráin gur lagaíodh an rochtain ar chúram sláinte, lena n-áirítear seirbhísí SRHR, agus go raibh de thoradh air sin go raibh staid chriticiúil ann ó thaobh freastal ar riachtanais SRHR na ndaoine sin a easáitíodh*;*

26. á iarraidh ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair dídeanaithe mná ón Úcráin, amhail bacainní teanga, dóchúlacht níos mó go mbeidís thíos le haonrú sóisialta agus líonraí sóisialta teoranta; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh baol breise bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a bheith ar dhídeanaithe ón Úcráin; ag tabhairt dá haire go bhfuil oibleagáidí cúraim ina mbacainn ar fhostaíocht i gcás mná ón Úcráin (33 %) i gcomparáid le fir ón Úcráin (9 %); á iarraidh ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin trí thacaíocht thiomnaithe a chur ar fáil don chúram leanaí, amhail tacaíocht nó fóirdheontais cúraim leanaí[18];

27. á chur i bhfáth gurb amhlaidh, de réir tuarascáil ó Save the Children[19], go bhfuil níos mó leanaí ina gcónaí i limistéir atá buailte ag coinbhleachtaí armtha ná mar a bhí aon tráth eile le fiche bliain anuas (go háirithe san Afganastáin, in Éimin, sa tSúdáin Theas, i bPoblacht na hAfraice Láir, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, sa tSiria, san Iaráic, i Mailí, sa Nigéir agus sa tSomáil), agus 100 000 leanbh ag fáil bháis gach bliain de dheasca coinbhleachtaí; á mheabhrú go raibh 420 milliún leanbh ina gcónaí i gceantair a ndearna coinbhleachtaí difear dóibh in 2017 (18 % de na leanaí uile ar domhan), líon a bhí 30 milliún níos mó ná líon na bliana roimhe sin;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an t-idirdhealú struchtúrach a chomhrac agus go gcuirfí ar chumas gach duine rochtain neamhshrianta agus rochtain neamh-idirdhealaitheach a bheith acu ar an margadh saothair, a mbíonn de thoradh air freisin go bhfeabhsaítear forbairt leanaí, go neartaítear an uilechuimsitheacht shóisialta agus an chothroime shóisialta agus go laghdaítear an bhochtaineacht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta sonracha a chur ar aghaidh lena gcuirfear chun cinn rochtain ar phoist agus ar shlándáil do dhídeanaithe agus d'imircigh; á thabhairt

[18] An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, *What are the integration challenges of Ukrainian refugee women?* [Cad iad na dúshláin a bhaineann le lánpháirtiú bhandídeanaithe na hÚcráine?], 30 Bealtaine 2023.
[19] Save the Children, *Stop the War on Children: Protecting children in 21st century conflict* [Stop an Cogadh ar Leanaí: Leanaí a chosaint i gcoimhlintí an 21ú céad], 2019.

chun suntais, i ndáil leis sin, gur eisíodh Treoracha an Aontais maidir le Trédhearcacht Pá agus maidir le Pá Íosta[20], ar bearta breise iad a bhfuil sé mar aidhm leo deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní; á chur i bhfios go gcuidíonn luach saothair cóir le dul i ngleic le bochtaineacht na mban ar bhealach inbhuanaithe; á chur i bhfáth go mbíonn de thoradh ar mhaoiniú an Aontais gur féidir tacaíocht a thabhairt agus infheistíocht a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta chun bochtaineacht leanaí a chomhrac agus chun an uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn;

29. á iarraidh ar an gCoimisiún sraith beart agus moltaí a chur ar aghaidh a bheidh dírithe ar aistriú i dtreo geilleagar a chothú lena gcuirfear cúram i gcroílár bheartais an Aontais agus na mbeartas náisiúnta ionas go mbeidh rochtain thráthúil agus chomhionann ann ar sheirbhísí cúraim ardcháilíochta, amhail oideachas cúraim, agus úsáid éifeachtúil á baint as na huirlisí de chuid an Aontais atá ar fáil agus cistí leordhóthanacha á dtiomnú don réimse sin; á athdhearbhú gurb amhlaidh, i dteannta CSE+, is féidir foinsí maoinithe eile de chuid an Aontais a úsáid go díreach nó go hindíreach chun maoiniú a dhéanamh ar chláir a bhfuil tionchar acu ar shaol leanaí agus a dteaghlaigh, amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí;

30. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit córas a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar bheathú cíche ar leibhéal an Aontais chun tuiscint a fháil ar an réaltacht agus chun cuidiú le ceapadh beartas lena gcuirtear beathú cíche chun cinn, i gcomhréir le moltaí EDS;

31. á iarraidh go léireofar prionsabail an phríomhshruthaithe inscne agus an bhuiséadaithe inscne i ngach réimse beartais, agus nuair a bhíonn bearta á gceapadh chun freagairt do ghéarchéimeanna sonracha lena ndéantar difear do mhná agus do chailíní; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur gá sonraí imdhealaithe a bhailiú go sonrach agus saineolas inscne agus measúnuithe tionchair inscne a fhorbairt chun a áirithiú go ndéanfar gné na hinscne a chomhtháthú go hiomlán agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar éifeachtaí sonracha na mbeartas sin ar mhná agus chun aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos fearr; á iarraidh go ndéanfaí bearta atá dírithe ar inscne a chur in áirithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na mban tar éis thionchair dhiúltacha na ngéarchéimeanna iomadúla, go háirithe i réimsí na fostaíochta, an fhoréigin inscnebhunaithe agus SRHR, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, i gcláir agus in ionstraimí laistigh de NextGenerationEU agus i mbuiséad fadtéarmach an Aontais don tréimhse 2021-2027.

[20] Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 19.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 2<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Christine Anderson, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Annika Bruna, Maria da Graça Carvalho, Margarita de la Pisa Carrión, Gwendoline Delbos-Corfield, Lina Gálvez Muñoz, Lívia Járóka, Arba Kokalari, Alice Kuhnke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Karen Melchior, Johan Nissinen, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Pina Picierno, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Christine Schneider, Sylwia Spurek |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Silvia Modig, Eleni Stavrou, Hilde Vautmans |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Laura Ballarín Cereza |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| ID | Annika Bruna |
| EPP | Isabella Adinolfi, Maria da Graça Carvalho, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Christine Schneider, Eleni Stavrou |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Karen Melchior, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans |
| S&D | Laura Ballarín Cereza, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Lina Gálvez Muñoz, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Pina Picierno, Evelyn Regner |
| An Chlé | Silvia Modig, Eugenia Rodríguez Palop |
| Na Glasaigh/SCE | Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek |

| 2 | - |
|---|---|
| CLE | Johan Nissinen |
| ID | Christine Anderson |

| 4 | 0 |
|---|---|
| CLE | Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Maria Veronica Rossi |
| NI | Lívia Járóka |
| EPP | Arba Kokalari |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh